AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.8.2016
COM(2016) 547 final

2016/0261 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 maidir le malartú faisnéise, córas luathrabhaidh agus nós imeachta measúnaithe riosca i dtaobh substaintí sícighníomhacha nua

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Foras agus cuspóirí an togra**

Le deich mbliana anuas, tá méadú ollmhór tagtha ar an líon substaintí sícighníomhacha nua atá ann ar leibhéal domhanda agus san Eoraip araon agus ní cosúil go dtiocfaidh aon mhoill ar an méadú sin. Tuairiscíodh 100 substaint nua do Chóras Luathrabhaidh an Aontais Eorpaigh (AE) sa bhliain 2015, a fhágann go mbíonn faireachán á dhéanamh ar 560 substaint nua san iomlán anois. Braitheadh níos mó ná 380 ceann (70 %) de na substaintí nua sin sna cúig bliana seo a chuaigh thart amháin.[1]

Ghlac an Seisiún Speisialta de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ar an bhfadhb dhomhanda drugaí (UNGASS, 19-21 Aibreán 2016) an doiciméad toraidh "Ár gcomhghealltanas chun dul i ngleic leis an bhfadhb dhomhanda drugaí agus í a chomhrac ar bhealach éifeachtach"[2]. Pléitear i rannán ar leith le dul i ngleic le dúshláin agus le bagairtí atá ag teacht chun cinn agus leo sin atá seasmhach, substaintí sícighníomhacha nua ina measc. Éilítear sa chomhghealltanas go ndéanfar gníomhaíocht treisiúcháin chun dul i ngleic le dúshlán na substaintí sícighníomhacha nua agus go gcuirfear feabhas ar na líonraí comhroinnte faisnéise agus ar na líonraí luathrabhaidh atá ann cheana.

An 17 Meán Fómhair 2013, chuir an Coimisiún pacáiste dhá thogra reachtacha ar aghaidh maidir le substaintí sícighníomhacha nua, mar atá: togra le haghaidh Rialacháin maidir le substaintí sícighníomhacha nua[3], agus togra le haghaidh Treorach ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí drugaí, i ndáil leis an sainmhíniú ar dhruga[4]. Ba é an cuspóir a bhí leo an fháil ar shubstaintí sícighníomhacha nua a ngabhann riosca leo a laghdú trí ghníomhaíocht atá níos tapa agus níos éifeachtaí ar leibhéal an Aontais ná an ghníomhaíocht a dhéantar faoi láthair laistigh den chóras atá bunaithe ar Chinneadh 2005/387/CGB ón gComhairle an 10 Bealtaine 2005 maidir le malartú faisnéise, measúnú riosca agus rialú substaintí sícighníomhacha nua[5].

Tá idirbheartaíocht idirinstitiúideach ar an bpacáiste reachtach sin ar siúl le níos mó ná dhá bhliain anuas. Ghlac Parlaimint na hEorpa a cuid rún reachtach an 17 Aibreán 2014[6]. Níor ghlac an Chomhairle cur chuige ginearálta i leith na dtograí; le linn dóibh scrúdú a dhéanamh ar na tograí, chuir na Ballstáit amhras in iúl maidir le hAirteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a roghnú mar bhunús dlí don Rialachán atá beartaithe.

D'fhonn an cuspóir céanna a bhaint amach – is é sin, gníomhaíocht níos tapa agus níos éifeachtaí ar leibhéal AE ar shubstaintí sícighníomhacha nua – d'aontaigh Coiste na mBuanionadaithe (COREPER) an 6 Aibreán 2016[7] leis an gcur chuige a mhol Uachtaránacht

---

1 Tuarascáil ar Mhargadh Drugaí AE 2016, lch. 28.
2 Rún A/RES/S-30/1 ón gComhthionól Ginearálta.
3 COM(2013) 619 críochnaitheach.
4 COM(2013) 618 críochnaitheach.
5 IO L 127, 10.5.2005, lch. 32. Rinneadh anailís ar na roghanna difriúla beartais sa mheasúnú tionchair atá ag gabháil leis an dá thogra, SWD(2013) 319 críochnaitheach.
6 Doiciméad P7_TA(2014)0453 ó Pharlaimint na hEorpa.
7 Taifead achomair, doiciméad 7908/1/16 REV. 1 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2016.

na hÍsiltíre ar an gComhairle sa phlépháipéar uaithi, lenar áiríodh leasuithe a dhéanamh ar an dréacht-Treoir atá bunaithe ar Airteagal 83 de CFAE. Áirítear leis na leasuithe sin sainmhíniú a thabhairt ar shubstaintí sícighníomhacha nua agus forálacha a leagan síos do chinnteoireacht thapa ar leibhéal an Aontais d'fhonn substaintí sícighníomhacha nua díobhálacha a choiriúlú i ngach Ballstát. Chomh maith leis sin, d'iarr COREPER ar an gCoimisiún togra a chur i láthair lena leasaítear an Rialachán lena mbunaítear an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA), is é sin, Rialachán 1920/2006. De réir an Taifid Achomair ar an 2580ú cruinniú de chuid COREPER, tosaítear leis an gcinneadh sin tréimhse 3 mhí ina bhféadfaidh na Ballstáit a bhfuil imní orthu faoi Phrótacal 21 glacadh leis. Tá iarmhairtí ag an gcinneadh faoi Phrótacal 22 atá i gceangal le CFAE freisin. Tugtar fógra do Pharlaimint na hEorpa faoin athrú sin le litir ón gComhairle.

Toisc go bhfuil sé mar aidhm leis an gcinneadh sin ó COREPER na cuspóirí sin a moladh sa phacáiste a cuireadh ar aghaidh sa bhliain 2013 a bhaint amach, molann an Coimisiún leasuithe spriocdhírithe a dhéanamh ar Rialachán 1920/2006 lena ndéanfar na dréachtfhorálacha ar chóras luathrabhaidh agus ar nós imeachta measúnaithe riosca a bhí ar áireamh sa togra ón gCoimisiún sa bhliain 2013 le haghaidh Rialacháin maidir le substaintí sícighníomhacha nua a chomhtháthú isteach sa Rialachán lena mbunaítear an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA). Déanfaidh an Coimisiún breithniú ar an togra le haghaidh Rialacháin maidir le substaintí sícighníomhacha nua a tharraingt siar le linn dó Clár Oibre an Choimisiúin don bhliain 2017 a ullmhú.

Amhail i gcás an togra roimhe, is é an aidhm atá leis an togra nua neartú a dhéanamh ar chóras luathrabhaidh AE agus ar an measúnú riosca agus nósanna imeachta a chuíchóiriú ar mhaithe le gníomhaíocht níos éifeachtaí agus níos tapa a chinntiú. D'fhonn an próiseas a bhrostú, mar sin, is giorra i bhfad na spriocdhátaí ná iad sin atá i bhfeidhm sa chóras reatha atá bunaithe ar Chinneadh 2005/387/CGB ón gComhairle. D'fhonn faisnéis ar shubstaintí sícighníomhacha nua a bhailiú go tapa agus go héifeachtach, ba cheart don Lárionad socruithe oibre a chomhaontú le Europol, leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach, leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia gan moill mhíchuí tar éis fhoilsiú an Rialacháin san Iris Oifigiúil.

Cinntítear leis an togra seo freisin go mbeidh EUROPOL páirteach sa chóras luathrabhaidh agus sa nós imeachta measúnaithe riosca, go háirithe maidir le hionchur a chur ar fáil ar an rannpháirtíocht grúpaí coiriúla i monarú agus i ndáileadh substaintí sícighníomhacha nua.

De réir Airteagal 23 de Rialachán 1920/2006, féadfaidh an Coimisiún, más cuí, agus i bhfianaise forbairtí i dtaca le gníomhaireachtaí rialála ar bhonn na chéad mheastóireachta eile ar an Lárionad, leasuithe breise a mholadh ar an Rialachán lena mbunaítear an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA).

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana féin sa réimse beartais seo**

Léirítear leis an togra na tosaíochtaí atá leagtha amach sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil[8] arna ghlacadh an 28 Aibreán 2015. Leagtar béim sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil go bhfuil an margadh le haghaidh drugaí aindleathacha ar an margadh coiriúil is dinimiciúla go fóill agus go bhfuil iomadú substaintí sícighníomhacha nua ar an bpríomhthreocht sa mhargadh sin le déanaí. Luaitear ann freisin go mbíonn líon méadaitheach

[8] COM(2015) 185 críochnaitheach.

substaintí den sórt sin á dtáirgeadh san Aontas Eorpach anois, rud ar fianaise é gur gá creat reachtach nua a ghlacadh mar ábhar práinne.

Ní mór an togra seo a léamh i gcomhar le Treoir (AE) …/ … [lena leasaítear Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí drugaí[9]]. Is é is aidhm don dá ionstraim áit an tsásra a bunaíodh le Cinneadh 2005/387/CGB ón gComhairle a ghlacadh.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 168(5) de CFAE, lena dtugtar cumhacht do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle bearta a ghlacadh a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar mhórbhagairtí trasteorann ar an tsláinte, le luathrabhadh a thabhairt i dtaobh bagairtí den sórt sin agus le bagairtí den sórt sin a chomhrac, gan aon chomhchuibhiú a dhéanamh ar dhlíthe ná ar rialacháin na mBallstát.

- **Coimhdeacht**

Is léir go bhfuil gá ann le gníomhaíocht AE i leith substaintí sícighníomhacha nua. Ní féidir leis na Ballstáit ina n-aonar laghdú a dhéanamh ar na fadhbanna a eascraíonn as leathadh na substaintí sícighníomhacha díobhálacha nua. Is féidir le gníomhaíocht náisiúnta neamh-chomhordaithe sa réimse seo drochthionchar iarmhartach a imirt, amhail dí-áitiú substaintí díobhálacha ó Bhallstát amháin go Ballstát eile. D'fhéadfadh go ndúshaothródh grúpaí coiriúla an méid sin.

Dá bhrí sin, tá gníomhaíocht ar leibhéal AE ag teastáil chun a chinntiú gur féidir sainaithint agus measúnú a dhéanamh ar shubstaintí sícighníomhacha nua a d'fhéadfadh bheith díobhálach agus ar ábhar imní ar fud AE iad agus chun a chinntiú gur féidir iad a ionchoiriú i ngach Ballstát sa chás go ngabhann rioscaí leo. Dá bhrí sin, ní mór an Rialachán seo a léamh i gcomhar le Treoir (AE) …/ … [Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí drugaí] toisc gurb é is aidhm don dá bheart áit an tsásra a bunaíodh le Cinneadh 2005/387/CGB ón gComhairle a ghlacadh.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhréireach agus ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a bhaint amach toisc nach dtugtar aghaidh ann ach ar shubstaintí sícighníomhacha nua ar ábhar imní ar leibhéal AE iad.

- **An rogha ionstraime**

Baineann an togra le leasú a dhéanamh ar Rialachán. Níl aon táscairí ann gur chuí a bheadh aon ionstraim eile nach Rialachán í.

[9] IO L 335, 11.11.2004, lch. 8.

3. TORTHAÍ NA MEASTÓIREACHTAÍ EX-POST, AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Cuirtear an togra seo ar aghaidh tar éis comhaontaithe ó COREPER an 6 Aibreán 2016 ar chur chuige comhréitigh arna mholadh ag Uachtaránacht na hÍsiltíre ar an gComhairle. Le linn chruinniú an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile de chuid Pharlaimint na hEorpa an 15 Meitheamh 2016, d'fhógair na Rapóirtéirí agus na Scáth-Rapóirtéirí go ndearna siad an cinneadh go saothróidís an cur chuige nua sin mar phacáiste agus go n-oibreoidís leis an gComhairle agus leis na Coimisiúin chun teacht ar chomhaontú. Toisc go léirítear an comhaontú sin leis an ábhar anseo, ní gá an togra nua seo a chur faoi réir tuilleadh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara.

- **Measúnú tionchair**

Rinne an Coimisiún measúnú tionchair ar roghanna beartais i gcomhthéacs phacáiste an dá thogra a cuireadh ar aghaidh an 17 Meán Fómhair 2013. Thángthas ar an gconclúid sa mheasúnú tionchair gur gá feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chainníocht na faisnéise atá ar fáil ar leibhéal AE agus a gcomhroinneann na Ballstáit le chéile í agus gur gá feabhas a chur freisin ar an acmhainneacht atá ann substaintí sícighníomhacha nua a shainaithint agus a mheasúnú go tapa.[10] Dá bhrí sin, ní gá measúnú tionchair nua a dhéanamh le haghaidh an togra seo.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Cuirtear de chúram ar an Lárionad an malartú faisnéise, an córas luathrabhaidh agus an nós imeachta measúnaithe riosca a bhainistiú ar shubstaintí sícighníomhacha nua. Tá an fóirdheontas don Lárionad mar chuid de bhuiséad an Aontais cheana féin.

Ionas go mbeidh an Lárionad in ann déileáil go leordhóthanach leis an líon méadaitheach iarrataí a bhaineann le malartú faisnéise i dtaobh substaintí sícighníomhacha nua agus go mbeidh sé in ann déileáil go leordhóthanach leis na nósanna imeachta cuíchóirithe atá beartaithe do chóras luathrabhaidh agus do nós imeachta measúnaithe riosca AE, áfach, beidh gá ann le suim EUR 676.000 san iomlán a chur le buiséad an Lárionaid don tréimhse 2017-2020 le haghaidh fhorbairt an chórais agus beidh gá ann le suim eile EUR 100.000 in aghaidh na bliana a chur ar fáil chun triúr gníomhairí breise ar conradh a mhaoiniú.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déantar meastóireacht rialta ar an Lárionad de réir Airteagal 23 de Rialachán 1920/2006. De réir an Airteagail sin, tionscnóidh an Coimisiún meastóireacht sheachtrach ar an Lárionad gach sé bliana chun a bheith ag teacht le críochnú dhá cheann de chláir trí bliana an Lárionaid.

- **Míniú mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Foráiltear le hAirteagal 1 do na leasuithe seo a leanas ar Rialachán 1920/2006:

Pointe (f) nua in Airteagal 2 (Cúraimí) – soiléirítear leis an bhforáil seo gurb iad cúraimí an Lárionaid ná malartú faisnéise, luathrabhadh i dtaobh substaintí sícighníomhacha nua agus

[10] SWD(2013) 319 críochnaitheach, lgh. 46-75.

measúnú riosca. Chomh maith leis sin, déanann an Lárionad faireachán ar gach substaint shícighníomhach nua atá tuairiscithe ag na Ballstáit.

Airteagal 5a nua (Malartú faisnéise, córas luathrabhaidh agus measúnú riosca i dtaobh substaintí sícighníomhacha nua) – bunaítear leis an bhforáil seo róil na mBallstát, an Lárionaid agus Europol faoi seach sa phróiseas malartaithe faisnéise agus luathrabhaidh i dtaobh substaintí sícighníomhacha nua.

Airteagal 5b nua (Tuarascáil tosaigh) – leagtar síos leis an bhforáil seo an t-ábhar agus na nósanna imeachta maidir le tuarascáil tosaigh ar shubstaint shícighníomhach nua a tharraingt suas agus a tharchur ag an Lárionad. Tá baint ag Europol, ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach, ag an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia le faisnéis a bhailiú don tuarascáil tosaigh.

Airteagal 5c nua (Nós imeachta agus tuarascáil measúnaithe riosca) – tugtar leis an bhforáil seo cumhacht don Choimisiún iarraidh ar an Lárionad measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le substaint shícighníomhach nua ar tarraingíodh tuarascáil tosaigh suas ina leith. Leagtar síos léi na nósanna imeachta maidir le measúnú riosca, atá le seoladh ag Coiste Eolaíochta an Lárionaid, agus maidir le tuarascáil ar an measúnú riosca a tharraingt suas agus a tharchur.

Airteagal 5d nua (Eisiamh ó mheasúnú riosca) – leagtar amach leis an bhforáil seo na cúinsí sin nach bhféadfar aon mheasúnú riosca a dhéanamh ar shubstaint shícighníomhach nua iontu.

Socraítear le hAirteagal 2 cén uair a thiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm.

2016/0261 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 maidir le malartú faisnéise, córas luathrabhaidh agus nós imeachta measúnaithe riosca i dtaobh substaintí sícighníomhacha nua

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 168(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialach na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is féidir le substaintí sícighníomhacha nua a bheith ina mórbhagairtí trasteorann ar an tsláinte agus, dá bhrí sin, is gá feabhas a chur ar an dóigh a ndéantar faireachán ar na bagairtí sin, ar an dóigh a dtugtar luathrabhadh ina dtaobh agus ar an dóigh a gcomhraictear iad.

(2) Le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha ar an líon substaintí sícighníomhacha nua a bhfuil fógra tugtha ag na Ballstáit fúthu tríd an sásra mearmhalartaithe faisnéise a bunaíodh le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/396/CGB arna glacadh ag an gComhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le malartú faisnéise, measúnú riosca agus rialú drugaí sintéiseacha nua[3], rud a neartaíodh arís eile le Cinneadh 2005/387/CGB ón gComhairle[4].

(3) Ba cheart dul i ngleic ar leibhéal an Aontais le substaintí sícighníomhacha nua lena ngabhann rioscaí sláinte agus sóisialta ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, ní mór an Rialachán seo a léamh i gcomhar le Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle[5] [arna leasú le Treoir (AE) …/…] arae ceapadh an dá bheart lena gcur in ionad an tsásra a bunaíodh le Cinneadh 2005/387/CGB ón gComhairle.

---

1 IO C , , lch.

2 IO C , , lch. .

3 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/396/CGB ón gComhairle an 16 Meitheamh 1997 maidir le malartú faisnéise, measúnú riosca agus rialú drugaí sintéiseacha nua (IO L 167, 25.6.1997, lch. 1).

4 Cinneadh 2005/387/CGB ón gComhairle an 10 Bealtaine 2005 maidir le malartú faisnéise, measúnú riosca agus rialú substaintí sícighníomhacha nua (IO L 127, 20.5.2005, lch. 32).

5 Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí drugaí (IO L 335, 11.11.2004, lch. 8).

(4) Is gá forálacha a bhaineann leis an malartú faisnéise, leis an gcóras luathrabhaidh i dtaobh substaintí sícighníomhacha nua agus leis an nós imeachta measúnaithe riosca a chur isteach i Rialachán (CE) 1920/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[6] Go háirithe, ba cheart na forálacha a neartú a bhaineann leis an luathrabhadh i dtaobh substaintí sícighníomhacha nua agus ba cheart na nósanna imeachta maidir le tuarascáil tosaigh a tharraingt suas agus maidir leis an nós imeachta measúnaithe riosca a eagrú, ba cheart sin a dhéanamh níos éifeachtúlaí. Ba cheart spriocdhátaí i bhfad níos giorra a leagan síos le haghaidh gach céime den nós imeachta.

(5) Aon ghníomhaíocht a dhéanfadh an tAontas i leith substaintí sícighníomhacha nua, ba cheart í a bheith bunaithe ar fhianaise eolaíoch.

(6) Tar éis an nós imeachta measúnaithe riosca a bheith déanta, ba cheart don Choimisiún a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart na substaintí sícighníomhacha nua a ionchoiriú, i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear i gCinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle [arna leasú le Treoir (AE) …/...]. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá céanna a thrasuífear an Treoir, arae ceapadh an dá ghníomh lena gcur in ionad an tsásra a bunaíodh le Cinneadh 2005/387/CGB ón gComhairle.

(7) Níor cheart aon mheasúnú riosca a dhéanamh ar shubstaint shícighníomhach nua má tá sí faoi réir measúnú faoin dlí idirnáisiúnta, nó má tá sí ina substaint ghníomhach i dtáirge íocshláinte nó i dtáirge íocshláinte tréidliachta.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 mar seo a leanas:

(1) In Airteagal 2, cuirtear an pointe (f) seo a leanas isteach:

"(f) **Malartú faisnéise, córas luathrabhaidh agus measúnú riosca i dtaobh substaintí sícighníomhacha nua**

(i) bailiú, comhthiomsú, anailís agus measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá ar fáil ó Phointí Comhtheagmhála Náisiúnta Reitox agus ó Aonaid Náisiúnta Europol i dtaobh substaintí sícighníomhacha nua mar a shainmhínítear iad in Airteagal […] de Chinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle [arna leasú le Treoir (AE) …/...] agus an fhaisnéis sin a chur in iúl do Phointí Comhtheagmhála Náisiúnta Reitox, d'Aonaid Náisiúnta Europol agus don Choimisiún gan moill mhíchuí;

[6] Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (IO L 376, 27.12.2006, lch. 1).

(ii) an tuarascáil tosaigh nó an tuarascáil chomhcheangailte tosaigh a tharraingt suas de réir Airteagal 5b;

(iii) an nós imeachta maidir le measúnú riosca a eagrú de réir Airteagail 5c agus 5d;

(iv) faireachán a dhéanamh, i gcomhar le Europol agus le tacaíocht ó Phointí Comhtheagmhála Náisiúnta Reitox agus ó Aonaid Náisiúnta Europol, ar gach substaint shícighníomhach nua atá tuairiscithe ag na Ballstáit."

(2) In Airteagal 5(2), scriostar an dara agus an tríú fomhír.

(3) Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas 5a, 5b, 5c agus 5d:

"*Airteagal 5a*

Malartú faisnéise agus córas luathrabhaidh i dtaobh substaintí sícighníomhacha nua

Cinnteoidh gach Ballstát go soláthróidh Pointí Comhtheagmhála Náisiúnta Reitox agus Aonad Náisiúnta Europol sa Bhallstát an fhaisnéis atá ar fáil ar shubstaintí sícighníomhacha nua don Lárionad agus do Europol ar bhealach tráthúil agus gan aon mhoill mhíchuí. Bainfidh an fhaisnéis le brath agus le sainaithint na substaintí sin, lena n-úsáid agus le patrúin a n-úsáide, leis na rioscaí féideartha agus sainaitheanta a ghabhann leo, lena monarú, lena n-eastóscadh, lena ndáileadh, lena ngáinneáil agus lena n-úsáid tráchtála, mhíochaine agus eolaíoch.

I gcomhar le Europol, déanfaidh an Lárionad an fhaisnéis sin a bhailiú, a anailísiú agus a mheasúnú agus cuirfidh sé in iúl í go tráthúil do na Ballstáit d'fhonn aon fhaisnéis a theastaíonn chun críocha luathrabhaidh a sholáthar do na Ballstáit agus chun críocha an Lárionad a chumasú an tuarascáil tosaigh nó an tuarascáil chomhcheangailte tosaigh a tharraingt suas de bhun Airteagal 5b.

Airteagal 5b

Tuarascáil tosaigh

1. Sa chás go measann an Lárionad, an Coimisiún nó an Chomhairle, ag gníomhú dóibh trí thromlach simplí de na Ballstáit, go n-eascraíonn imní as an bhfaisnéis a comhroinneadh ar shubstaint shícighníomhach nua a bailíodh de bhun Airteagal 5a i mBallstát amháin nó níos mó go ngabhann rioscaí sláinte nó sóisialta ar leibhéal an Aontais leis an tsubstaint shícighníomhach nua, déanfaidh an Lárionad tuarascáil tosaigh ar an tsubstaint shícighníomhach nua a tharraingt suas.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa tuarascáil tosaigh:

(a) céadléiriú ar chineál nó ar scála na rioscaí sláinte agus sóisialta a bhaineann leis an tsubstaint shícighníomhach nua;

(b) cur síos ceimiceach agus fisiceach ar an tsubstaint shícighníomhach nua agus ar na modhanna agus na réamhtheachtaithe a úsáidtear lena monarú nó lena heastóscadh;

(c) cur síos cógaseolaíoch agus tocsaineolaíoch ar an tsubstaint shícighníomhach nua;

(d) faisnéis ar rannpháirtíocht grúpaí coiriúla i monarú agus i ndáileadh na substainte sícighníomhaí nua;

(e) faisnéis ar úsáid mhíochaine na substainte sícighníomhaí nua don duine agus sa tréidliacht, lena n-áirítear a húsáid mar shubstaint ghníomhach i dtáirge íocshláinte nó i dtáirge íocshláinte tréidliachta;

(f) faisnéis ar cé acu atá nó nach bhfuil an tsubstaint shícighníomhach nua faoi réir aon bheart sriantach sna Ballstáit;

(g) faisnéis ar cé acu atá nó nach bhfuil an tsubstaint shícighníomhach nua á measúnú faoi láthair, nó an raibh sí riamh á measúnú, laistigh den chóras a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú le Prótacal 1972, nó leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971 (córas na Náisiún Aontaithe).

3. Úsáidfidh an Lárionad faisnéis atá ar fáil dó cheana féin chun an tuarascáil a tharraingt suas.

4. Sa chás go measann an Lárionad gur gá déanamh amhlaidh, iarrfaidh sé ar Phointí Comhtheagmhála Náisiúnta Reitox faisnéis bhreise a sholáthar ar an tsubstaint shícighníomhach nua. Soláthróidh Pointí Comhtheagmhála Náisiúnta Reitox an fhaisnéis sin laistigh de dhá sheachtain tar éis dóibh an iarraidh a fháil.

5. Iarrfaidh an Lárionad ar an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach faisnéis a sholáthar ar cé acu atá nó nach bhfuil, san Aontas nó in aon Bhallstát, an tsubstaint shícighníomhach nua sin:

(a) ina substaint ghníomhach i dtáirge íocshláinte nó i dtáirge íocshláinte tréidliachta a bhfuil údarú margaíochta faighte aige;

(b) ina substaint ghníomhach i dtáirge íocshláinte nó i dtáirge íocshláinte tréidliachta atá ina ábhar d'iarratas ar údarú margaíochta;

(c) ina substaint ghníomhach i dtáirge íocshláinte nó i dtáirge íocshláinte tréidliachta a bhfuil údarú margaíochta faighte aige, ar táirge é a bhfuil a údarú margaíochta curtha ar fionraí ag an údarás inniúil;

(d) ina substaint ghníomhach i dtáirge íocshláinte neamhúdaraithe de réir Airteagal 5 de Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] nó i dtáirge íocshláinte tréidliachta arna ullmhú ar an toirt ag duine ar tugadh údarú dó déanamh amhlaidh faoi reachtaíocht náisiúnta de réir Airteagal 10(1)(c) de Threoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8];

[7] Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

[8] Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte tréidliachta (IO L 311, 28.11.2001, lch. 1).

(e) ina substaint ghníomhach i dtrialacha cliniciúla údaraithe agus i dtáirgí íocshláinte imscrúdaitheacha de réir Airteagal 2(d) de Threoir 2001/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9].

6. Iarrfaidh an Lárionad ar Europol faisnéis a sholáthar ar rannpháirtíocht grúpaí coiriúla i monarú agus i ndáileadh na substainte sícighníomhaí nua agus in aon úsáid atáthar a bhaint as an tsubstaint shícighníomhach nua.

7. Iarrfaidh an Lárionad ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia an fhaisnéis agus na sonraí atá ar fáil acu ar an tsubstaint shícighníomhach nua a sholáthar dó.

8. Is le socruithe oibre a rialófar sonraí an chomhair idir an Lárionad agus na comhlachtaí agus na gníomhaireachtaí dá dtagraítear i míreanna 5, 6 agus 7. Tabharfar socruithe oibre den sórt sin chun críche de réir an dara mír d'Airteagal 20.

9. Urramóidh an Lárionad na coinníollacha maidir le húsáid na faisnéise, coinníollacha a chuirfear in iúl dó, lena n-áirítear coinníollacha maidir le slándáil faisnéise agus sonraí agus cosaint faisnéise rúnda gnó.

10. Cuirfidh an Lárionad an tuarascáil tosaigh faoi bhráid an Choimisiúin agus na Comhairle laistigh de chúig seachtaine tar éis dóibh an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 5, 6 agus 7 a iarraidh.

11. Nuair a bhailíonn an Lárionad faisnéis ar roinnt substaintí sícighníomhacha nua éagsúla a bhfuil struchtúr ceimiceach comhchosúil acu, cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin agus na Comhairle tuarascálacha tosaigh aonair nó tuarascálacha comhcheangailte ina mbeidh trácht ar roinnt substaintí sícighníomhacha nua éagsúla, ar choinníoll saintréithe gach substainte sícighníomhacht nua a bheith sainaitheanta go soiléir, agus déanfaidh sé sin faoi cheann sé seachtaine tar éis sheoladh na tuarascála tosaigh.

Airteagal 5c

Nós imeachta an mheasúnaithe riosca agus tuarascáil

1. Laistigh de dhá sheachtain tar éis dó an tuarascáil tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 5b(10) a fháil, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar an Lárionad measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis an tsubstaint shícighníomhach nua agus tuarascáil measúnaithe riosca a tharraingt suas ina leith. Is é an Coiste Eolaíochta a dhéanfaidh an measúnú riosca.

2. Laistigh de dhá sheachtain tar éis dó an tuarascáil chomhcheangailte tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 5b(11) a fháil, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar an Lárionad measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le roinnt substaintí sícighníomhacha nua a bhfuil struchtúr ceimiceach comhchosúil acu agus tuarascáil chomhcheangailte measúnaithe riosca a tharraingt suas ina leith. Is é Coiste Eolaíochta an Lárionaid a dhéanfaidh an measúnú comhcheangailte riosca.

[9] Treoir 2001/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Aibreán 2001 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát maidir le dea-chleachtas cliniciúil a chur chun feidhme i stiúradh trialacha cliniciúla ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 121, 1.5.2001, lch. 34).

3. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa tuarascáil measúnaithe riosca nó sa tuarascáil chomhcheangailte measúnaithe riosca:

(a) faisnéis ar airíonna ceimiceacha agus fisiceacha na substainte sícighníomhaí nua agus ar na modhanna agus ar na réamhtheachtaithe a úsáidtear lena monarú nó lena heastóscadh;

(b) faisnéis ar airíonna cógaseolaíocha agus tocsaineolaíocha na substainte sícighníomhaí nua;

(c) anailís ar na rioscaí sláinte a bhaineann leis an tsubstaint shícighníomhach nua, go háirithe maidir lena géarthocsaineacht agus lena tocsaineacht ainsealach, leis an dóchúlacht go mbainfear mí-úsáid aisti, leis an acmhainneacht go n-éireoidh duine spleách uirthi, agus leis an tionchar fisiceach, meabhrach agus iompraíochta a imríonn sí;

(d) anailís ar na rioscaí sóisialta a ghabhann leis an tsubstaint shícighníomhach nua, go háirithe a tionchar ar fheidhmiú sóisialta, ar an ord poiblí agus ar ghníomhaíochtaí coiriúla, agus ar rannpháirtíocht grúpaí coiriúla ina monarú agus ina dáileadh;

(e) faisnéis ar leitheadúlacht agus ar phatrúin úsáide na substainte sícighníomhaí nua, ar an bhfáil atá uirthi agus ar an bhféidearthacht go scaipfear í laistigh den Aontas;

(f) faisnéis ar úsáid tráchtála agus thionsclaíoch na substainte sícighníomhaí nua, ar mhéid na húsáide/na n-úsáidí sin, agus ar úsáid na substainte chun críocha taighde eolaíoch agus forbartha eolaíche.

4. Déanfaidh an Coiste Eolaíochta measúnú ar na rioscaí a ghabhann leis an tsubstaint shícighníomhach nua nó le grúpa substaintí sícighníomhacha nua. Féadfaidh an Stiúrthóir, ag gníomhú dó ar bhonn comhairle ó chathaoirleach an Choiste Eolaíochta, an Coiste a leathnú, de réir mar a mheastar a bheith riachtanach, trí shaineolaithe a chur leis atá ionadaíoch do na réimsí eolaíochta is ábhartha chun a chinntiú go ndéanfar measúnú cothrom ar rioscaí na substainte sícighníomhaí nua. Ainmneoidh an Stiúrthóir iad as liosta saineolaithe. Faomhfaidh an Bord Bainistíochta an liosta saineolaithe gach trí bliana.

Beidh sé de cheart ag an gCoimisiún, ag an Lárionad, ag Europol agus ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach beirt bhreathnóirí an ceann a ainmniú.

5. Déanfaidh an Coiste Eolaíochta an measúnú riosca ar bhonn na faisnéise atá ar fáil agus ar bhonn aon fhianaise eolaíche ábhartha eile. Cuirfidh sé tuairimí uile bhaill an Choiste san áireamh. Eagróidh an Lárionad an próiseas measúnaithe riosca, lena n-áirítear riachtanais faisnéise na todhchaí agus staidéir ábhartha a shainaithint.

6. Cuirfidh an Lárionad an tuarascáil ar an measúnú riosca faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de shé seachtaine tar éis dó an iarraidh a fháil ón gCoimisiún.

